2024/829

8.3.2024

# CINNEADH (AE) 2024/829 ÓN gCOMHAIRLE

## an 4 Márta 2024

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/2209 ([2]) ón gComhairle, síníodh an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') an 17 Samhain 2023, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

(2) Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo, i gcomhréir le hAirteagal 55 de, mar ní a thugann cearta do dhaoine nó a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine, laistigh den Aontas, seachas iad siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta phoiblí.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') ([3]) a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 57(2) den Chomhaontú ([4]).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

([1]) Toiliú an 7 Feabhra 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh (AE) 2023/2209 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (IO L, 2023/2209, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2209/oj.).
([3]) Foilsítear téacs an Chomhaontuithe in OJ L, 2024/830, 8.3.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/agree/2024/830/oj.
([4]) Foilseofar dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag Ardrúnaíocht na Comhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Marta 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. VERLINDEN